Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Sláinte agus Sábhailteacht Ríomhaireacht 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 9/10/2026
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an //

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



Reachtaíocht

Cuirfidh an scoil faisnéis ar fáil faoin reachtaíocht seo a leanas a bhaineann le húsáid an Idirlín. Ba chóir do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do thuismitheoirí iad féin a chur ar an eolas faoin reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leannaí, 1998
- An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáid a Thrascradh (Rialacháin), 1993
- An tAcht um Fístaifeadtaí, 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988
- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003, 2018
- An tAcht um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán, 2022

Cur chuige ginearálta

Is í aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha seo a chinntiú go mbainfidh daltaí tairbhe as deiseanna foghlama a thairgeann acmhainní Idirlín na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach.

Meastar gur acmhainn agus pribhléid scoile iad úsáid agus rochtain Idirlín. Mura gcloítear le PUI na scoile, tarraingeofar an phribhléid seo siar agus cuirfear smachtbhannaí iomchuí i bhfeidhm.

Agus iad ag úsáid an Idirlín, beifear ag súil go ndéanfaidh daltaí, tuismitheoirí agus an fhoireann na nithe seo a leanas:

- Caitheamh go hómósach le daoine eile i gconaí.
- Gan aon ghníomhartha a dhéanamh a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an scoil.
- Meas ar phríobháideacht na ndaoine eile go léir i bpobal na scoile.
- Meas ar chruthaitheoirí cóipchirt agus aitheantas a thabhairt dóibh nuair a bhíonn ábhar agus acmhainní ar líne á n-úsáid.

Tá feidhm leis an bPolasaí Úsáide Inghlachta i gcás daltaí a bhfuil rochtain acu ar an Idirlíon agus a úsáideann é i gColáiste Ghobnait. Tá feidhm leis freisin i gcás baill foirne, oibrithe deonacha, tuismitheoirí, cúramóirí agus daoine eile a fhaigheann rochtain ar an Idirlíon i gColáiste Ghobnait.

I gcás go dtarlóidh teagmhais thromchúiseacha sábháilteacha ar líne, ba cheart an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach a chur ar an eolas.

Is sarú díreach ar pholasaí um úsáid inghlactha na scoile é scoláirí a bheith ag úsáid a gcuid teicneolaíochta féin ar scoil (gan cead an mhúinteora), mar shampla má fhágtar guthán póca ar siúl nó má úsáidtear sa rang é, má sheoltar teachtaireachtaí téacs núise, nó má ghlactar pictiúir le ceamara ar ghuthán phóca gan cead. Féach polasaí fón póca/gléas digiteach.

Comhoibríonn Coláiste Ghobnait go hiomlán le hoifigigh áitiúla, stáit nó Gárda in aon imscrúdú a bhaineann le sáruithe ar dhlíthe coireachta ríomhaire nó a bhaineann leo. Is féidir ábhar na cumarsáide líonra agus ríomhphoist ag baint úsáide as táibléid a iarraidh agus a aistriú chuig na húdaráis chuí mar fhianaise ar choireanna den sort sin.

Is pribhléid é úsáid gléis ar scoil, ní ceart. Cuirtear an beartas seo ar fáil chun gach úsáideoir a chur ar an eolas faoi na freagrachtaí a bhaineann le húsáid éifeachtúil, eiticiúil, dleathach acmhainní teicneolaíochta. Má sháraíonn mac léinn téarmaí na gcoinníollacha atá ainmnithe sa bheartas seo, féadfar pribhléidí a chur ar fionraí, rochtain ar acmhainní teicneolaíochta eile na scoile a dhiúltú, agus cuirfear an gníomh araíonachta iomchuí i bhfeidhm. D'fhéadfadh rabhadh ó bhéal agus/nó i scríbhinn a bheith san áireamh anseo, coinneáil a eisiúint, pribhléidí rochtana a tharraingt siar agus i gcásanna tromchúiseacha fionraí nó díbirt. Forchoimeádann an scoil an ceart aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú do na húdaráis chuí.

Déanfaidh bainistíocht na scoile agus roinn teicneolaíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe/Ros Comáin monatóireacht ar na suíomhanna gréasáin a úsáideann na mic léinn ar ríomhairí agus mion-ríomhairí na scoile.

Úsáideann an scoil roinnt straitéisí chun deiseanna foghlama a mhéadú agus rioscaí a bhaineann leis an idirlíon a laghdú. Seo iad na straitéisí sin:

- Úsáidfear bogearraí scagtha agus/nó córais dá leithéid chun an baol neamhchosanta ar ábhar míchuí a laghdú
- Ní cheadófar bogearraí neamhcheadaithe a uaslódáil ná a íoslódáil
- Teastóidh cead na scoile chun meáin stórála digiteacha seachtracha pearsanta a úsáid sa scoil
- Beidh múinteoir i mbun maoirseachta i gcónaí ar úsáid an idirlín sa scoil.

I gcás eachtraí a tharlaíonn taobh amuigh den scoil agus a mbeadh tionchar acu ar shláinte na ndaltaí nó na foirne déileálfaidh Coláiste Ghobnait leo faoin bpolasaí seo agus faoi chóid iompraíochta agus polasaithe frithbhulaíochta gaolmhara. Sna cásanna sin, cuirfidh Coláiste Ghobnait, nuair is eol dóibh cé a bhíonn i gceist, tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi eachtraí d'iompraíocht mhíchuí ar líne a tharlaíonn lasmuigh den scoil agus cuirfidh na pionóis chuí i bhfeidhm.

Ról an Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach

Chun measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí ar bhonn leanúnach.

Ról an Bhoird Bainistíochta

Ní mór don Bhord a chinntiú go bhfuil Polasaí Úsáide Inghlactha ag feidhmiú sa scoil agus an polasaí a dhearbhú.

Ról an mhúinteora

- Beidh múinteoir i gcónaí ag maoirsiú seisiúin Idirlín, i dtimpeallacht na scoile.
- Ní cheadófar cóipeáil aníos ná anuas de bhogearraí nach mbeidh ceadaithe ag múinteoir.
- Déanfaidh an múinteoir bliana seisiún eolais leis na scoláirí ag tús na bliana i rith ionduchtú leis na rialacha sa pholasaí seo a mhíniú go soiléir.
- Caithfidh an múinteoir déanamh cinnte go bhfuil na ríomhairí dúnta síos i gceart. Is riosca tine mura bhfuil na ríomhairí dúnta síos i gceart.
- **Ba cheart don mhúinteoir déanamh cinnte go bhfuil droim na scoláirí leis an múinteoir i gcónaí le go mbeidh gach scáileán le feiceáil ag an múinteoir.**
- Ag teacht le nósanna imeachta na scoile, tabharfaidh scoláirí tuairisc don mhúinteoir má thagann siad ar ábhar neamhoiriúnach de thimpiste.
- Má bhíonn gá le cáblaí cumhachta a úsáid sa seomra ranga, ní mór rialacha Sláinte agus Sábháilteachta a chur i bhfeidhm. Aon chontúirt go dtitfidh scoláire nó múinteoir ar an gcábla a sheachaint.
- Ní ceart go mbeadh aon deoch i.e. uisce, i ngar de na ríomhairí.
- Más féidir déan na ríomhairí a luchtú roimh an rang.
- Má tá scoláire ag baint úsáide as ríomhaire scoile ag baile, is faoi mhaoirseacht an Tuismitheóra/ Chaomhnóra a bheidh siad.
- Má thugann múinteoir cead do scoláire ríomhaire a thabhairt abhaile, ní mór don mhúinteóir serial no. a thógal síos agus nuair a thugann an scoláire ar ais é ní mór don mhúinteoir a chinntiú nach bhfuil aon damáiste déanta don ríomhaire. Tá lch síniú amach/isteach le síniú ag an dalta & ag an múinteoir. **Níl cead ag dalta ríomhaire a thabhairt abhaile/amach as an scoil gan cead an múinteoir ábhair/bainistíocht.**
- Tá fáil ag gach scoláire ar a ríomhaire féin atá fágtha sna seomraí bliana.

- Is é an cleachtas is fearr ná go sábháil daltaí a gcuid oibre sa scamall i gconaí trí úsáid a bhaint as Office365 OneDrive. Tá spás stórála ar fáil ar an ngleás – ACH NÍ bheidh cúltaca déanta air dá dtarlóidh damáiste don ghléas nó go scriosfadh an t-eolas trí bhotún.

Ról na scoláirí

- Polasaí PUI seo a léamh, a thuiscint agus a leanúint
- Tugtar ríomhaire & luchtaire do gach dalta a bhíonn a n-ainm air (**a bhíonn in úsáid sa scoil**) ag tús an scoilbhliain agus tá an dalta freagrach as an ríomhaire & luchtaire sin. **Má déantar damáiste don ríomhaire nó luchtaire beidh ar an dálta íoc as an ríomhaire agus/nó an luchtaire.**
- Níl cead aon athrú a déanamh ar an ríomhaire m.sh. an cúlra a athrú srl.
- Cleachtóidh na scoláirí dea "netiquette" (i.e., etiquette ar an Idirlíon) i gcónaí agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeoidh droch-cháil ar an scoil.
- Tá ainm úsáideora agus pas fhocal ag gach scoláire agus ag gach ball den fhoireann. Is cuma cén ríomhaire atá in úsáid agat, sin iad na sonraí ar cheart úsáid le logáil isteach. Níor cheart do phasfhocal a roinnt le aon scoláire eile.
- An polasaí seo a bheith leite agus aon phointe a bhfuil soiléiriú ag teastáil ina thaobh, tá sé de dhualgas ort ceist a chur ar an múinteoir chun soiléiriú a fháil. Beidh an polasaí seo á léamh ag an múinteoir bliana i rith ionduchtú ag tús an scoilbhliana.
- Cinntiú go bhfuil an ríomhaire dúnta síos i gceart tar éis é a úsáid.
- Úsáid gach ríomhaire/feiste ar bhealach freagrach agus eiticiúil
- Gníomhú go freagrach agus gach cineál teicneolaíochta á úsáid agat ar scoil
- Géill do rialacha ginearálta scoile maidir le hiompar agus cumarsáid a bhaineann le húsáid gléas/ ríomhaire
- Ná tionscnaigh ná gabháil le haon chineál bulaíochta ar líne
- Tabhair foláireamh do bhall de bhainistíocht na scoile má fheiceann tú aon eachtra de chibearbhulaíocht
- Ba chóir damáiste fisiceach do ghléasanna a thuairisciú don mhúinteoir láithreach.
- Ní cheadaítear grianghraif nó físeáin a thógáil ar thailte na scoile nó nuair a bhíonn tú rannpháirteach i ngníomhaíochtaí scoile/clós na scoile in imthosca ar bith.

Ról na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

- An polasaí a léamh agus a chuir i bhfeidhm.
- Má tá aon cheist nó soiléiriú ag teastáil maidir leis an bpolasaí, ba cheart labhairt le Bainistíocht na scoile.
- An scoil a chur ar an eolas maidir le haon sarú ar an bpolasaí seo.
- Má tá scoláire ag baint úsáide as ríomhaire scoile ag baile, is faoi mhaoirseacht an Tuismitheóra/ Chaomhnóra a bheidh siad.
- Tá sé de fhreagracht ar an Tuismitheóir/Caomhnóir aon ríomhaire a théann abhaile a choinneáil sábháilte agus a chur ar ais chun na scoile, chomh maith le haon chábla cumhachta a tugadh amach. **Má dhéantar damáiste don ríomhaire nó luchtaire beidh an costas le n-íoc as an ríomhaire agus/nó an luchtaire.**
- Labhair le do leanaí faoi luachanna agus na caighdeáin a bhfuil súil agat leo agus tú ag úsáid an idirlín agus a bhfeiste.
- Déan cinnte go bhfaighidh tú an fhaisnéis uile is gá agus sínigh na foirmeacha ábhartha maidir le hÚsáid Inghlactha agus Cosaint Sonraí.
- Déan cinnte nach bhfuil do leanbh ag gabháil d'aon iompar míchuí, mar a mheasann an Polasaí seo, lena bhfeiste sa bhaile.

Ríomhairí/Gléasanna Pearsanta

Níl cead ag scoláirí a ríomhaire/gléas pearsanta féin a thabairt ar scoil. Tá an riail seo i bhfeidhm do scoláirí atá cláraithe sa scoil don chéad uair ón Meán Fómhair 2026 ar aghaidh.

An Gréasán Domhanda

- Ní thabharfaidh scoláirí cuairt d'aon ghnó ar shuíomh Idirlín ar a bhfuil ábhar gáirsiúil, mídhleathach, gráiniúil nó ábhar míshásúil eile.
- Ag teacht le nósanna imeachta na scoile, tabharfaidh scolairí tuairisc don scoil má thagann siad ar ábhar neamhoiriúnach de thimpiste.
- Úsáidfidh na scoláirí an tIdirlíon chun críche oideachais amháin.
- Ní dhéanfaidh scoláirí eolas a chóipeáil le haghaidh tascanna gan aitheantas a thabhairt don fhoinse (bradaíl agus sárú cóipchirt).
- Ní nochtfaidh scoláirí faisnéis phearsanta ná ní dhéanfaidh siad faisnéis phearsanta a phoibliú riamh.
- Is sárú díreach ar pholasaí um úsáid inghlactha na scoile é ábhair a chóipeáil anuas nó íomhánna nach mbaineann lena gcúrsa staidéir.
- Beidh a fhios ag na scoláirí go bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an idirlín, lena n-áirítear faisnéis a dháileadh nó a fháil, chun súil a choimeád ar ghníomhaíocht neamhghnách ná ar chúiseanna a bhaineann le slándáil agus le bainistíocht líonra.
- Baineann na rialacha thuasluaite le rochtain ar an idirlíon ar ríomhaire scoile i bhfoirgneamh na scoile nó lasmuigh de.
- Beidh eolas ag daltaí ar cheisteanna cóipchirt a bhaineann le foghlaim ar líne.
- Ní dhéanfaidh daltaí nochtadh nó foilsiú ar eolas phearsanta.
- Beidh a fhios ag scoláirí na scoile faoina contúirtí a bhaineann le nochtadh eolas phearsanta nó eolas scoile ar an idirlíon.
- Níl cead úsáid a bhaint as suímh comhroinnte comhad ná comhaid caise.

Ríomhphost agus Teachtaireachtaí/teachtaireachtaí MS Teams

- Tabharfar seoladh ríomhphoist agus pasfhocal @ gretb.ie do mhic léinn ag tús a gcuid staidéir i gColáiste Ghobnait. Is d'úsáid scoile amháin atá sé. Tá cosc ar úsáid ríomhphost scoile @gretb ar na meáin shóisialta.
- Ní cheadaítear úsáid a bhaint as cuntas ríomhphoist phearsanta i gColáiste Ghobnait.
- Níor chóir do dhaltaí in aon imthosca a gcuid sonraí logála isteach cuntas ríomhphoist a roinnt le daltaí eile.
- Ba cheart go dtuigfeadh daltaí go bhfuil monatóireacht á dhéanadh ar chumarsáid ríomhphoist & teachtaireachtaí MS Teams.
- Ní dhéanfaidh daltaí aon ábhar a sheoladh atá neamhdhleathach, gáirsiúil, clúmhillteach nó atá beartaithe le cur isteach ar duine eile nó é/í a imeaglú.
- Ba cheart do dhaltaí tuairisc a thabhairt láithreach má fhaigheann siad aon chumarsáid a fhágann míchompordach iad, nó aon chumarsáid atá gránna, idirdhealaitheach, bagrach nó a bhfuil bulaíocht ag baint leí agus níor cheart dó/di freagra a thabhairt ar aon chumarsáid den sórt sin.
- Níor cheart do dhaltaí ríomhphost a bhfuil Cuma amhrasach orthu a oscailt. Má tá amhras orthu, ba cheart do dhaltaí ceist a chur ar a múinteoir sula n-osclaíonn siad ríomhphost ó sheoltóirí anaithnid.
- Níor cheart do dhaltaí cruinniú ar bith a shocrú le casadh le duine nach bhfuil aithne acu air/uirthi trí ríomhphost nó cumarsáide ar líne amháin.
- Úsáidfidh na scoláirí cuntais ríomhphoist atá ceadaithe ag an scoil amháin agus beidh na seisiúin seo faoi mhaoirseacht an mhúinteoir.
- Ní sheolfaidh agus ní bhfaighidh daltaí aon ábhar a bheadh mídhleathach, graostach nó mífheiliúnach ar aon bhealach eile.

- Ní sheolfaidh an dalta aon eolas a chuirfeadh eagla nó imní ar aon dalta eile. Glaoifear bulaíocht ar-líne ar seo agus ní ghlacann muid lena leithéid anseo i gColáiste Ghobnait.
- Ní fhoilseóidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile ar nós mar shampla seoltaí nó uimhreacha fóin nó picitiúr.

Na Meáin Shóisialta

- Tá réimse uirlisí meán sóisialta ar an idirlíon a ligean dúinn idirghníomhú agus a bheith i dteagmháil lena chéile. Cé go n-aithníonn muid buntáistí na meán seo ó thaobh deiseanna nua cumarsáide a chur ar fáil, tá na prionsabail atáthar ag súil a leanfaidh baill na scoile le linn dóibh a bheith ag úsáid meáin shóisialta leagtha síos sa bpolasaí seo.
- Dearadh na prionsabail atá leagtha síos sa pholasaí féachaint lena chinntiú go n-úsáidfí na meáin shóisialta go freagrach ar mhaithe le rúndacht na ndaltaí agus lucht foirne eile agus chun cáil na scoile a chosaint
- Baineann an polasaí seo le suímh gréasáin pearsanta ar nós suímh líonraithe (mar shampla Instagram agus TikTok), blaganna, micreabhlaganna ar nós Twitter, seomraí comhrá, fóraim, podchraoltaí, ciclipéid rochtain oscailte ar líne ar nós Wikipedia, suímh leabharmharcála sóisialta ar nós Pinterest agus suímh ar a roinntear ábhar ar nós flickr agus YouTube. Is teicneolaíocht atá ag forbairt go sciobtha an t-idirlíon agus tá sé dodhéanta na cúinsí go léir nó na meáin atá ag teacht chun cinn a chlúdach.
- Ní bhainfidh an fhoireann agus na daltaí úsáid as na meáin shóisialta agus as an idirlíon ar aon bhealach a dhéanfaidh ciapadh, a mhaslóidh, a bhainfidh mí-úsáid nó a dhéanfaidh clúmhilleadh ar dhaltaí, a mbaill theaghlaigh, an fhoireann, baill eile de phobal Choláiste Ghobnait.
- Ní phléifidh an fhoireann agus na daltaí eolas maidir le daltaí, an fhoireann agus baill eile de phobal Coláiste Ghobnait ar na meáin shóisialta.
- Ní úsáidfidh an fhoireann agus na daltaí seoltaí ríomhphoist na scoile chun cuntais meáin shóisialta pearsanta a bhunú nó chun cumarsáid a dhéanamh trí mheáin den sórt sin.
- Ní bheidh an fhoireann agus na daltaí ag gabháil do ghníomhaíochtaí lena mbaineann na meáin shóisialta a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar Choláiste Ghobnait.
- Ní fhéadfaidh an fhoireann agus na daltaí do thuairimí pearsanta a léiriú mar thuairimí Choláiste Ghobnait ar aon mheán sóisialta.

Íomhánna agus Físeán

- Ba cheart a bheith cúramach nuair atá íomhánna grianghrafadóireachta/físeán á nglacadh, bí cinnte go bhfuil cóiriú cuí ar na daltaí agus nach bhfuil siad ag gabháil de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar na daoine nó ar an scoil.
- Níl cead ag daltaí íomhánna nó físeáin de dhaoine eile a ghlacadh, a úsáid, a roinnt ná a fhoilsiú gan toiliú a fháil ó na daltaí atá i gceist.
- Ní ceadmhach do dhaltaí íomhánna, físeáin ná ábhar eile a chomhroinnt ar líne agus é mar rún dochar a dhéanamh do bhall eile de phobal na scoile is cuma cibé an dtarlaíonn sé sin ar scoil nó lasmuigh den scoil.
- Is iompar do-ghlactha agus iompar a bhfuil cosc iomlán air a bheith ag comhroinnt íomhánna gáirsiúla agus go háirithe íomhánna gáirsiúla de leanaí agus/nó mionlaigh, ag a mbeidh iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha dóibh siúd lena mbaineann. Cuirtear dalta a chomhroinneann íomhánna gáirsiúla de dhaltaí eile ar fionraí go huathoibríoch mar smachtbhanna.
- Ní cheadaítear do scoláirí íomhánna, físeáin nó ábhar eile a roinnt ar líne leis an rún dochar a dhéanamh do bhall eile de phobal na scoile is cuma má tharlaíonn sé seo ar scoil nó lasmuigh den scoil.

Cibearbhulaíocht

- Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag teacht chun cinn go leanúnach. Tugtar faoin mbulaíocht seo trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar nós téacsanna, meáin shóisialta, r-phoist, teachtaireachtaí, aipeanna, suímh cluichí, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne.
- Tá bearta glactha ag Coláiste Ghobnait le cinntiú go dtuigeann an lucht foirne agus na daltaí gurb é an sainmhíniú ar bhulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sin i bhfoirm briathrach, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine amháin nó grúpa ar dhuine (nó daoine) agus a dhéantar arís agus arís eile. Áirítear cibearbhulaíocht sa sainmhíniú seo fiú más taobh amuigh den scoil nó san oíche a tharlaíonn sé. Chomh maith leis sin, i nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile 2013 na Roinne Oideachais, sainmhínítear cibearbhulaíocht mar seo "féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta."
- De bharr teacht ar theicneolaíocht is féidir le cibearbhulaíocht tarlú am ar bith sa lá nó san oíche agus ní gá go mbeadh na daltaí sábháilte sa mbaile ón gcineál seo bulaíochta. Tá níos mó úsáide á bhaint ag daltaí as bealaí cumarsáide nach eol do dhaoine fásta agus nach mbíonn maoirsithe. De bharr an tsóirt seo teicneolaíochta bíonn go leor leor daoine in ann an t-ábhar digiteach a roinnt agus a fheiceáil beagnach láithreach agus tá sé beagnach dodhéanta é a bhuanscriosadh. Cé gur sa mbaile agus san oíche is mó a tharlaíonn cibearbhulaíocht is féidir a thionchar a mhothú freisin sa scoil.
- Agus iad ag úsáid an idirlín, beifear ag súil go gcaithfidh daltaí, tuismitheoirí agus an fhoireann go hómósach le daoine eile ag gach tráth.
- Is iompar do-ghlactha agus iompar a bhfuil cosc iomlán air a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí ar líne agus é mar rún dochar a dhéanamh do dhalta nó do bhall foirne eile, iad a chiapadh, nó a náiriú, ag a mbeidh iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha dóibh siúd lena mbaineann.
- Glactar bearta lena chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na daltaí ar an eolas go sainítear bulaíocht mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Áirítear cibearbhulaíocht leis an sainmhíniú sin, fiú nuair a tharlaíonn sé lasmuigh den scoil nó istoíche.
- Cuid dhílis de bheartas frithbhulaíochta ár scoile is ea cibearbhulaíocht a chosc anois.

Tyro

Tabharfar rochtáin do thuismitheoirí ar Tyro. Is féidir Tyro a úsáid chun tuarascáil scrudúithe Seachtain 10, 20 agus 30 agus chun tinreamh agus iompar a fheiceáil. Ba chóir do thuismitheoirí a úsáideann Tyro nótaí tinrimh a logáil. Níor chóir logáil isteach Tyro a roinnt le duine ar bith eile. Tá cosc ar scoláirí rochtáin a fháil ar chuntas Tyro a dtuismitheoirí. Tá aon iarracht a dhéanann mac léinn cuntais Tyro a dtuismitheoirí a úsáid chun nótaí tinrimh a chur isteach faoi réir smachtbhanna.

Do Chomhaid a Bhainistiú agus Do Shaothar a Shábháil

Ag sábháil don ghléas/clabhta

Ba chóir do mhic léinn a gcuid oibre a shábháil ar an gclabhta i gcónaí trí úsáid a bhaint as Office365 OneDrive.

Ní thacaíonn an scoil le gléasanna na ndaltaí. Níl cead aon obair a shábhálfar ar an diosca áitiúil. Níl cead ag daltaí obair a shábháil ar a ndiosca áitiúil agus ba cheart dóibh é a shábháil i gcónaí chuig OneDrive le haghaidh stórála sábháilte. I gcás deisiúcháin, b'fhéidir go gcaithfear gléas a fhormáidiú - caillfear na sonraí go léir ón diosca áitiúil dá bharr, lena n-áirítear aon chomhaid nár sábháladh chuig OneDrive. Ní ghlacann Coláiste Ghobnait freagracht as aon sonraí a stóráiltear ar dhiosca áitiúil gléis teagaisc agus foghlama. Tá sé

de fhreagracht ar na mic léinn a chinntiú nach gcaillteár obair mar gheall ar mhainneachtain mheicniúil nó scriosadh trí thimpiste.

Ní cúis inghlactha iad mífheidhmeanna gléis gan obair a chur isteach.

Nascacht Líonra
Tá sé mar aidhm ag Coláiste Ghobnait nasc idirlín a bheith aige i gcónaí, ach sa chás go bhfuil an líonra ag dul i laghad, ní bheidh Coláiste Ghobnait freagrach as sonraí a chaillteár nó a bheidh in easnamh. Is sárú é ar an mBeartas seo feidhmchláir a úsáid a sheachnaíonn scagadh gréasáin Choláiste Ghobnait. Beidh gníomh araíonachta mar thoradh ar sháruithe.

Bogearraí ar Ghléasanna
Bogearraí Suiteáilte ar dtús
Déanfar bogearraí a réamhshuiteáil ar an bhfeiste le húsáid ar scoil. Tá úsáid na mbogearraí seo faoi réir théarmaí an bheartais seo.

Bogearraí Breise
Ní cheadaítear do mhic léinn bogearraí a shuiteáil ar an bhfeiste.

Intleacht Shaorga (IS)

An Úsáid a Bhaineann Múinteoirí as IS
- Cuirfear Coláiste Ghobnait litearthachta digití agus smaointeoireachta criticiúla chun cinn chun cabhrú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar IS, ar a impleachtaí agus ar a úsáid fhreagrach. Mar chuid de sin áirítear litearthacht sonraí, faisnéis arna giniúint ag IS a dheimhniú agus claonadh féideartha in uirlisí IS a aithint. Ní mór d'fhoghlaimeoirí creidiúint cheart a thabhairt do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad i dtascanna/obair bhaile.
- Tabharfaidh múinteoirí creidiúint do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad.

Trí chórais IS a úsáidtear sa scoil cinntítear cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht i bpróisis chinnteoireachta. Ní mór d'fhoghlaimeoirí creidiúint cheart a thabhairt do théacs agus íomhánna IS nuair a úsáidtear iad i dtascanna/obair bhaile.

An Úsáid an Bhaineann Scoláirí as IS
- Ceadaítear ábhar arna ghiniúint le IS chun críche taighde, tobsmaointeoireachta agus chun téacs a athbhreithniú.
- Ceadaítear ábhar arna ghiniúint le IS le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe le cead roimh ré ón scoil.
- Má úsáidtear é le haghaidh taighde, ní mór d'fhoghlaimeoirí fíricí a sheiceáil agus foinsí eile a sheiceáil agus tagairt a dhéanamh do na foinsí.
- Ceadaítear ábhar arna ghiniúint le IS le haghaidh tascanna/obair bhaile má dhéantar an úsáid sin a dhoiciméadú i gceart agus má thugtar creidiúint di le míniú ar conas a úsáidtear an uirlis IS agus ar mhéid a hionchuir.

Sláinte & Sábháilteacht Phearsanta
Seachain úsáid leathnaithe an ghléis agus tú ag luí go díreach ar do ghlúin. Is féidir le bun an ghléis teas suntasach a ghiniúint. Glac sosanna go minic agus an gléas á úsáid agat ar feadh tréimhsí fada. Féach ar shiúl ó scáileán na feiste timpeall gach 15-20 nóiméad.

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr | Oileáin Árann |
Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie
www.colaisteghobnait.com

Student Laptop Loan Agreement

Galway & Roscommon Education and training Board ("GR ETB") provides laptops to students to enhance their education. It is imperative that parents/guardians stress to their children how important it is to take good care of their issued device and to behave appropriately when interacting with others digitally. Certain rules are necessary to protect the laptop and the network.

By accepting possession of a GR ETB laptop, student and his/her parents/guardians agree to the following responsibilities for the use and care of this device:

1. The student agrees to follow all GR ETB policies and regulations governing the use of computers, including, but not limited to, the Expectations for Responsible Laptop Use printed on the back of this form, as well as the Student Code of Conduct.

2. The computer is the property of GR ETB. If a student withdraws from the school prior to the end of the loan period, the laptop must be returned to school officials by the student prior to withdrawal.

3. The student shall not remove or alter any GR ETB identification labels attached to or displayed on the computer, nor shall the student change identification within the computer, such as the computer name.

4. The student agrees to keep the computer secure and safe. The parent/guardian will assume the risk of loss by theft, destruction, or damage caused by intentional misuse. If, during the loan period, the computer is damaged or returned with any accessories missing, GR ETB may charge the parent the lesser of the repair or the replacement cost.

5. The student must report theft (or suspected theft) of the computer to Gardaí and the School, loss of the computer, damage to the computer, or malfunctioning of the computer to the school promptly and no later than 24 hours of the incident.

6. The laptop cannot be loaned, sold, bartered, traded, leased, rented or given to any other person or persons without the express written consent of GR ETB.

I have read and agree to comply with these rules and all GR ETB policies and regulations for the use of equipment, including the attached Rules, the Acceptable Use Policy.

I understand that the laptop is the School property and it may access, monitor, and archive my use of the computer system, including my use of the internet, e-mail and downloaded material, without prior notice to me.

I will report any damage to hardware or software immediately to designated school personnel and will return equipment promptly when requested.

GR ETB grants permission to the student to have limited use of the laptop described in this continuing agreement. The school system insurance and the permission granted to the student ceases on the LAST CALENDAR DAY OF THE SCHOOL YEAR (unless terminated earlier by GR ETB) and failure to return the laptop and charger on or before that date to the building principal or his/her designee could result in billing for the unreturned item(s) and/or other legal proceedings against the student and/or the person who has the laptop.

GR ETB reserves the right to demand return of the laptop at any time.

Coláiste Ghobnait Inis Oírr | Oileáin Árann | Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520 | eolas.gobnait@gretb.ie | www.colaisteghobnait.com

Equipment Provided

Make:

Model:

Accessories:

School/ College name

Student's Full Name and Address (please print):

Signature of Student Date

Signature of Parent or Guardian Date

+353 99 75016; +353 87 2232520 | eolas.gobnait@gretb.ie | www.colaisteghobnait.com

Expectations for Responsible Laptop Use

Sign below, agreeing to the GR ETB Expectations of Responsible Laptop Use.

I understand that I am not to remove or alter any part of the computer.
I understand that only authorized educational programs installed by GR ETB staff may be used on the laptop, and that I am not to download, install or play games, video, music or pictures unless they are directly related to classroom instruction. I am not to delete any school-installed software.
I understand that I am accountable for knowing where my laptop is at all times.
I understand that I am responsible for the proper care of my laptop, that the laptop must be in the case provided by GR ETB when not in use, and that damage to the laptop when it is not in the protective case may be considered intentional.
I understand that I am not to add or remove labels to the laptop, that I am not allowed to personalize it with stickers, decals, markers or any type of decorative materials, and that no paint, glue or other substance is to be placed on the laptop.
I understand I am responsible for keeping food and beverages away from my laptop and that I am not to leave my laptop outside, unattended in a vehicle, in an unsecure location, or near water.
I understand that I am to avoid using objects that may scratch or damage any part of the device.
I understand that I am to turn my laptop off when finished using it, especially when transporting.
I understand that I am not to loan my laptop or charger to other individuals.
I understand my laptop's serial number and manufacturer/district labels are not to be defaced.
I understand that I am only to use my laptop in ways that are educational and appropriate and in accordance with all policies and procedures, including the Acceptable Use Policy and the Student Code of Conduct
I understand that I represent the school in all my online activities while using the laptop. I understand that what I do online on the GR ETB laptop should not reflect negatively on my fellow students or teachers.
I understand that I am to interact with all others in a respectful, courteous, and school-appropriate manner while using the laptop.
I understand that my personal username and password must not be shared with any individual.
I agree to return the laptop, case and power cord in good working order at the end of the school year, upon leaving GR ETB, or when my user privilege is revoked

Signed Student: Date:

Signed Parent / Guardian: Date: